

## Dóigheanna le ciall a bhaint as ábhar léitheoireachta

Smaoinigh faoi ábhar an leabhair nó an téacs (mar shampla, an topaic, na carachtair nó an plota).

Agus tú ag léamh faoi thopaic áirithe, cuimhnigh ar na rudaí uilig atá ar eolas agat faoin topaic sin cheana féin.

Má léann do mhúinteoir an téacs os ard, lean ar an leathanach é le cuidiú leat.

Agus tú ag léamh scéil, smaoinigh ar an chéad rud eile a tharlóidh ann.

Glac do chuid ama – mura dtuigeann tú abairt nó alt, léigh arís é.

Déan achoimre ar an rud atá léite agat i do chuid focal féin.

Abair cad é do bharúil den téacs atá á léamh agat agus luaigh fáthanna.

Bain úsáid as guthanna éagsúla, go háirithe do na carachtair agus iad ag labhairt (fiú agus tú ag léamh go ciúin duit féin).

Cuir ceisteanna ar chara faoi na rudaí a léigh tú (nó is féidir ceist a chur ar ghrúpa nó ar dhuine sa bhaile).

Léigh os ard do dhuine éigin sa bhaile.

Déan píosaí gairide léitheoireachta a ullmhú agus a chleachtadh sula léann tú amach do dhuine éigin iad.

# Cuspóir an Údair

Cuimhnigh gurb í aidhm an scríbhneora ná teachtaireacht a chur in iúl ar dhóigh áirithe.

Cad chuige ar roghnaigh an scríbhneoir an múnla seo?

Cad chuige ar scríobhadh an téacs agus cé air a bhfuil sé dírithe?

Smaoinigh ar fhocail a chuireann síos ar an stíl scríbhneoireachta, mar shampla foirmiúil, neamhfoirmiúil, faisnéiseach, pearsanta, tuairisciúil, áititheach nó greannmhar.

Smaoinigh ar cad é mar a oireann an stíl scríbhneoireachta don chuspóir agus don lucht léitheoireachta.

Déan achoimre ar theachttaireacht ghinearálta an téacs, i do chuid focal féin.

Cuimhnigh go raibh fáth leis na sonraí uilig a d'úsáid an scríbhneoir sa téacs, mar shampla focail, íomhánna, dathanna agus leagan amach.

Cuardaigh abairt na topaice in alt nó i mír. Úsáideann an scríbhneoir seo le teachtaireacht a shoiléiriú.

Cad iad na rudaí a bhaineann leis na focail agus na híomhánna ar baineadh úsáid astu?

Amharc faoi choinne teicnící teanga a úsáidtear d'aonturas, mar shampla athrá le béim a chur ar an phríomhphointe nó abairtí gairide le teannas a chruthú.

Smaoinigh ar na híomhánna a bhí in úsáid. Mar shampla, cad é a thaispeántar don léitheoir? Cad é dó a seasann na híomhánna?

# Nótaí a scríobh

Smaoinigh ar cad dó do chuid nótaí?

Smaoinigh ar cé dó do chuid nótaí?

Úsáid an leagan amach is áisiúla duit féin, mar shampla liosta, tábla nó damhánléaráid.

Bíodh na nótaí chomh gairid agus is féidir. Is leor cúpla focal do gach pointe.

Úsáid ceannlitreacha chun focail topaice a thagann aníos go minic a ghiorrú.

Pioc amach as an téacs eolas ar bith a bhaineann le do thasc.

Má thugann do mhúinteoir cead duit, aibhsigh nó cuir líne faoi eochairphointí i dtéacs ar bith atá in úsáid agat.

Scríobh amach pointe ar bith a bhreacann tú síos i d'fhocail féin.

Más cuidiú duit é, roinn do leathanach pointí ina rannóga sula gcuireann tú tús le do chuid nótaí.

Cuir ceannteidil ar do chuid nótaí chun iad a chur isteach i rannóga atá furasta duit a úsáid.

Breac síos cúpla focal mar achoimre ar gach alt nó rannóg téacs agus tú i mbun oibre.

Cuir do chuid smaointe féin san áireamh sna nótaí agus tú i mbun oibre. Is cuma mura mbaineann tú úsáid astu.

Má tá foinsí éagsúla in úsáid agat, cuir ceist faoin eolas atá iontu. Mar shampla, an bhfuil an rud céanna á rá sna foinsí éagsúla nó an bhfuil siad ag teacht salach ar a chéile?

Roghnaigh an t-ord is fearr chun do chuid nótaí a úsáid agus déan taifead air seo trí uimhreacha a chur taobh leis na pointí.

# Ciall cheilte a bhaint as an eolas (Tátail)

Smaoinigh ar an duine a scríobh an téacs.

Smaoinigh ar an chúis ar scríobhadh an téacs.

An bhfuil sé de dhualgas ar an scríbhneoir dearcadh faoi leith a chur chun cinn?

Déan machnamh ar an am ar scríobhadh an téacs. Mar shampla, an bhfuil an dáta tábhachtach sa stair?

Déan nóta den mhéid atá ar eolas agat cheana féin, an rud is gá a bheith ar eolas agat agus leideanna ar bith sa téacs a líonfadh na bearnaí.

Má tá carachtar sa scéal ag labhairt, nó má tá pearsa stairiúil ag tabhairt óráide, smaoinigh ar an méid nach ndearnadh trácht air.

Nuair a chuirtear síos ar chomharthaíocht choirp chainteora, cuir ceist ort féin cad é a thugann sé le tuiscint.

Cuir le chéile giotáí eolais a chuireann síos ar iompar daoine lena oibriú amach cad é atá siad ag smaoineamh nó cad é mar a mhothaíonn siad.

Léirigh ionbhá le daoine sa téacs agus samhlaigh a gcuid smaointe, nó a gcuid mothúchán.

Déan rólghlacadh leis an téacs a imscrúdú.

Tabhair do d'aire daoine ag rá nó ag smaoineamh rud éigin nach mbeifeá ag súil leis agus cuir ceist cén fáth a ndéanfadh siad é.

Déan plé ar na cialla éagsúla is féidir a bhaint as an téacs.

Tabhair fáthanna leis an chiall a bhain tú as an téacs.

# Dul i ngleic le claontacht

Faigh amach cuspóir na scríbhneoireachta.

Smaoinigh ar an lucht léitheoireachta ar a bhfuil an téacs dírithe.

Cuimhnigh go mbíonn seans níos fearr ann go mbeidh claonadh sa téacs más í aidhm an údair ná dearcadh ar léith a chur chun tosaigh, mar shampla, póstaer bolscaireachta ón Dara Cogadh Domhanda.

Cuimhnigh gur leis an scríbhneoir an claonadh.

Cuimhnigh gur féidir leis an chlaonadh bheith an-soiléir nó ceilte.

Leis an chlaonadh a shainaithint, bí faichilleach nach mbíonn an scríbhneoir ag iarraidh dul i bhfeidhm ar an lucht léitheoireachta ar bhealach míchothrom.

Ná déan dearmad gur féidir leis an chlaonadh bheith déanta d'aonturas.

Déan machnamh cé acu an bhfuil an scríbhneoir eolach ar a chlaonadh féin nó nach bhfuil.

Leis an chlaonadh a shainaithint, smaoinigh ar dhearcthaí éagsúla faoi shaincheist agus déan seiceáil an bhfuil siad soiléir sa téacs. Mura bhfuil ach dearcadh amháin ann, tá an téacs claonta.

Fiafraigh díot féin an claonadh polaitiúil atá sa téacs – leas grúpa áirithe daoine a chur chun cinn.

Bí faichilleach ar chlaonadh áit a gcuirtear béim ar an phríomhphointe trí athrá. Sainaithin príomhfhocail agus príomhfhrásaí sa téacs a spreagann mothúcháin ar leith. Smaoinigh ar chiall na bhfocal a bhíonn in úsáid, mar shampla 'sceimhlitheoir' agus 'trodaí na saoirse'.

Ná déan dearmad nach ionann na naisc idir luchtanna léitheoireachta agus an claonadh. Mar shampla, thiocfadh le lucht léitheoireachta a bheith eolach ar chlaonadh agus iad ag iarraidh teachtaireacht a fháil atá claonta nó thiocfadh dó nach bhfuil siad eolach ar chlaonadh agus ar an dóigh a dtéann sé i bhfeidhm ar a gcuid smaointe.

# Cur chuige maidir le focal deacair

Fuaimnigh na foghair nó na fuaimeanna éagsúla atá mar chuid den fhocal.

Cuir ceist ort féin, an bhfuil an tús nó an deireadh céanna aige is atá ag focal ar bith atá ar eolas agat.

Smaoinigh ar cé acu focal a mbeadh ciall leis ag an pointe seo den abairt.

Smaoinigh ar an chineál focail a bheadh fóirsteanach ag an pointe seo den abairt, mar shampla ainmfhocal, aidiacht nó briathar.

Léigh na focail eile i ndiaidh an fhocail chun leid ar bith san abairt a aimsiú maidir le brí an fhocail nach bhfuil ar eolas agat.

Léigh an abairt arís ón tús ar mhaithe le leid ar bith a aimsiú, leid nach bhfaca tú ag an tús.

Féach ar íomhánna nó pictiúr ar bith sa téacs a thabharfadh leid duit.

Stad nó glac sos ag lánstadanna agus ag camóga ar mhaithe le ciall a bhaint as an téacs.

Coimhcad na focail topaice.

Léigh amach go laethúil focal topaice ar bith atá ar taispeáint i do sheomra ranga.

# Ciall a bhaint as íomhánna

Smaoinigh ar an duine a chruthaigh an íomhá?

Smaoinigh ar an chúis ar cruthaíodh an íomhá?

Smaoinigh ar fhocal le cur síos a dhéanamh ar an íomhá.  
Mar shampla, an bhfuil sé brónach, greannmhar nó uafásach?

Cuir ceist ort féin, cad é teachtaireacht na híomhá?

Cuir ceist ort féin, an bhfuil sé i gceist go rachaidh an íomhá  
i bhfeidhm ar an lucht féachana ar bhealach áirithe nó go  
spreagfaidh sé mothúchán ar leith.

Cuir ceisteanna faoin íomhá agus tú ag baint úsáid as na  
míreanna ceisteacha cé, cad é, cá huair, cá háit agus cad chuige.

Féach ar na dathanna atá in úsáid agus smaoinigh ar an  
tionchar atá acu ar mhothúcháin an duine.

Cuir ceist ort féin; an bhfuil nasc idir na dathanna atá in úsáid  
agus mothúcháin ar leith nó an mbaineann siad le smaointe  
ar leith?

Cuir ceist ort féin; an bhfuil an fhírinne á léiriú ag an íomhá?

Smaoinigh ar an dóigh a dtiocfadh leis an íomhá dul i bhfeidhm  
ar dhaoine le tuairimí malartacha.